Bus Átha Cliath

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

# 2003

PRN. No. 1690

# Clár


| | |
|---|---|
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 1 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 2 |
| Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 5 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 6 |
| Príomh-Bheartais Chuntasaíochta | 7 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 8 |
| Clár Comhardaithe | 9 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 10 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 11 |


PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Ba mhian le Bus Átha Cliath aitheantas a thabhairt do Rialtas na hÉireann as maoiniú do mhórthionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 chomh maith le haitheantas a thabhairt do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**GRIANGHRAFADÓIR:** NEIL WARNER **DEARADH :** CREATIVE INPUTS

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

**Stiúrthóirí amhail an 31ú Márta, 2004**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An Dr. J. J. Lynch |
| **Stiúrthóir Bainistíochta** | An Dr. A. R. Westwell (An Ríocht Aontaithe) |
| **Stiúrthóirí** | An tUasal G. Charles, An tUasal T. Coffey, An tUasal D. Egan, A. M. Mannix, Uasal, An tUasal B. McCamley, An tUasal A. O'Byrne, An tUasal P. Webster |
| **Rúnaí** | An tUasal P. O'Neill |
| **Oifig Chláraithe** | 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 |
| **Teileafón** | +353 1 872 0000 |
| **Faics** | +353 1 873 1195 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.dublinbus.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119569 |
| **Inniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers<br>Cuntasóirí Cairte agus Inniúchóirí Cláraithe<br>Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais don bhliain dár críoch an 31ú Nollaig 2003.**

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta ná seirbhís bus chuimsitheach a sholáthar do chathair agus do chontae Bhaile Átha Cliath agus dá gcúlchríoch.

Thaifead Bus Átha Cliath barrachas trádála in 2003. Is €173 milliún a bhí san ioncam don chuideachta, a ndéanann an Roinn Iompair rialáil uirthi, in 2003, fás suntasach de 8.5% ar 2002. Bhí an fás faisnéisithe ar sheirbhís mhaith custaiméirí mar aon le forbairt fhorchéimneach ar an ngréasán agus mar thoradh air sin tháinig méadú de 2.3% ar an líon paisinéirí. Deonaíodh méadú de 9% ar tháillí i dtús mhí na Nollag 2002.

Lean an líon paisinéirí a bhí á n-iompar ar na Conairí Ardchaighdeáin Bus (QBC) de bheith ag méadú i rith na bliana. Bhí feidhmíocht na QBCanna an-shuntasach agus tagann cuairteoirí i gcónaí chun go bhfeicfidh siad an fheidhmíocht sin agus cuirtear ionadh orthu nuair a fheiceann siad na torthaí atá bainte amach againn. Tá fás 40% tagtha ar an líon iomlán custaiméirí ar QBCanna ag buaic-amanna ó cuireadh i bhfeidhm iad.

Rud eile a chuir leis an bhfás ná an méid ticéad sa réimse taistealaithe réamhíoctha a díoladh - tháinig fás 13.3% ar an líon díolacháin réamhíoctha in 2002. Bíonn an rogha ag custaiméirí anois ticéid a cheannach ó líon níos mó gníomhairí nó ar-líne ag www.dublinbus.ie nó trí Ticketmaster agus tríd an scéim TaxSaver chomh maith.

Tá léirithe againn freisin, mar chuideachta, gur féidir linn dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le táirge ar ardchaighdeán a sheachadadh don chustaiméir, ní hamháin ar sholáthar seirbhíse bus ó lá go lá ach freisin ag imeachtaí móra speisialta aon uaire mar cheolchoirmeacha móra. Moladh muid freisin as an ord is airde de sholáthar seirbhíse bus le linn na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. Tugann na himeachtaí seo scileanna agus taithí na heagraíochta le chéile agus léiríonn go soiléir na sochair a bhaineann le cuideachta a bheith ann a dhéanann pleanáil, bainistiú agus oibriú ar iompar mar phacáiste aontaithe.

I rith na bliana freisin fuaireamar creidiúnú do ghradam ISO 9001 inár Roinn Ardchaighdeáin agus Tráchtála. Bhí torthaí obair an ISO 9001 sin cuiditheach lena aithint cén áit a bhféadfaí feabhsúchán incriminteach breise a bhaint amach i mbainistiú na gcóras agus na nósanna imeachta agus i soláthar faisnéise don chustaiméir.

I rith na bliana bhí dhá mhórfhorbairt theicniúla ann. Tugadh isteach córas nua raidió truncaithe ar fud na flít a thugann deis do theagmháil dhíreach idir maoirseoirí agus tiománaithe agus cuirfidh le cumarsáid fheabhsaithe agus ardchaighdeán seirbhíse.

Tugadh isteach an tsaoráid BUSTXT i mí Iúil 2003, lenar féidir le custaiméirí eolas faoi sheirbhís a fháil ar a nguthán phóca. D'éirigh go han-mhaith leis seo agus rinneadh 102,000 glao i rith mhí na Nollag.

Sheol an chuideachta freisin Clár Tacaíochta Pobail Bhus Átha Cliath ar ar fhreastail os cionn 30 eagraíocht mar ionadaithe ar obair don óige, sláinte, ospidéil agus pobail áitiúla. Tagann an obair sin ar fad faoin mbrat 'Bus Átha Cliath ag fónamh don phobal ina iomláine'. Leanfar de bheith ag leathnú na hoibre sin sna blianta atá ag teacht.

Is dúshlán a bheidh i gcónaí ann an tseirbhís busanna scoile a oibriú trí shráideanna chathair Bhaile Átha Cliath leis an athrú leanúnach i gcóiriú na n-oibreacha innealtóireachta sibhialta i Sráid Uí Chonaill agus i bPlás Beresford, gan ach dhá phríomhphointe chúnga sa chathair a lua, le dúshláin eile ag suímh eile lena n-áirítear na limistéir timpeall ar oibreacha LUAS agus Tollán an Phoirt, agus na limistéir a bhfuil tionchar acu sin orthu. Leanann plódú tráchta de bheith ina mhórdhúshlán do Bhus Átha Cliath. Tá aitheanta ag comhchomhairleoirí gur €49.4 milliún sa bhliain an costas don phlódú i mBaile Átha Cliath. Leanann gach duine atá páirteach in oibriú na seirbhíse sin trí imthosca timpeallachta chomh crua sin ag déanamh sár-obair. Ó bheidh na hoibreacha sin críochnaithe ba chóir go bhfeicfimis feabhas ar ghluaiseacht seirbhísí bus tríd an gcathair.

Leanfaimid den phlé ar raon na dtionscadal tosaíochta bus eile leis an bhfoireann nua Gréasán Busannna Ardchaighdeáin (QBN) i gcomhairle na cathrach a bunaíodh chun a n-obair iomlán a dhíriú isteach ar scéimeanna a dhearadh chun na pointí cúnga sin a mhaolú agus bearta ardchaighdeáin bus agus tosaíocht bus a thabhairt isteach chun feidhmíocht na seirbhísí bus a fheabhsú. Beidh foireann an QBN ag feidhmiú líon méadaithe de scéimeanna substaintiúla in 2004 agus beidh ár bpáirt le himirt ag Bus Átha Cliath chun go n-éireoidh leo sin trí níos mó busanna agus seirbhísí a chur ar an mbóthar. Tá an cheist seo faoi bhráid na Roinne Iompair le haghaidh cinnidh.

Tá léirithe ag an mbus go bhfuil ar a chumas custaiméirí breise a mhealladh nuair is cuid den phacáiste Conairí Ardchaighdeáin Bus é. Léiríonn taighde custaiméirí freisin go bhfuil carr ag céatadán maith d'úsáideoirí nua busanna ach go roghnaíonn siad taisteal ar an mbus nuair a bhíonn QBCanna ann agus go mbaintear an t-am aistir is fearr amach. I gceantar Bhaile Átha Cliath, leanfaidh an bus dá bhrí sin de bheith ina chapall oibre do go leor blianta le teacht agus beidh sé ag déanamh sciar suntasach d'aistir chomaitéara. Táimid in Bus Átha Cliath ag tnúth le tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo againn de réir mar a ghluaisimid chun cinn.

Bhí laghdú suntasach ar an líon timpistí agus éileamh i rith na bliana. Bhí laghdú 9% ar thimpistí in 2003 i gcomparáid le 2002, agus bhí an cóimheas éilimh/timpiste laghdaithe freisin. Tá sé sin amhlaidh mar thoradh ar infheistíocht mhéadaithe in oiliúint, dreasachtaí tiomána, cláir feasachta foirne, bainistiú forghníomhach agus freagra dearfach ón bhfoireann. In ainneoin na dtreochtaí dearfacha sin, tharla timpiste tragóideach ar Ché Wellington an 21ú Feabhra, 2004 ina raibh dhá bhus, agus ar maraíodh cúigear dá bharr agus ar gortaíodh 14.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Le clár infheistíochta an Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) bhíothas in ann raon tionscadal a dhéanamh. Seachadadh 90 bus nua dhá stór i rith na bliana. Bhí na busanna sin ag teacht leis an bPolasaí a fógraíodh sa bhliain 2000 go mbeadh dearadh urlár íseal lán-inrochtaine i ngach bus nua. Faoi dheireadh 2003, bhí 450 bus lán-inrochtaine i bhflít Bhus Átha Cliath, nó beagnach 41% dár bhflít iomlán.

Tá sé tugtha chun suntais sa tuarascáil is déanaí ó na comhchomhairleoirí Indecon agus Instititiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta Mheastóireacht Lár-Théarma an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 gur luach maith don infheistíocht a bhí i gceist i rannpháirtíocht an bhus le trí bliana anuas i gCóras Iompair Bhaile Átha Cliath agus sa ghearrtéarma go dtí an meántéarma gurb í an tslí is costas-éifeachtaí í chun iompar poiblí a fheabhsú.

Tá an polasaí fála flít atá glactha ag Bus Átha Cliath le roinnt blianta tar éis gach saoráid pháirceála, chothabhála agus seirbhísithe ina suímh reatha a ídiú. Tá aitheanta ag an NDP freisin go bhfuil gá le clós breise agus tá maoiniú á chur ar fáil aige don fhorbairt sin. Tá lánchead pleanála deonaithe ag Comhairle Chontae Fhine Gall do shuíomh ag Harristown agus cuireadh tús leis an obair an 5ú Lúnasa, 2003 le dáta críochnaithe i ndeireadh 2004.

Tá tús curtha ag Bus Átha Cliath le síneadh ar bhealaí trasna lár na cathrach; chun faoiseamh a thabhairt do chríochfoirt phlódaithe agus chun feabhas a chur ar sheirbhís custaiméirí trí níos mó deiseanna idiraistrithe agus rochtana a thabhairt. Tá oibríocht shubstaintiúil agus rathúil chun teacht in áit sheirbhísí DART ag deirí seachtaine i bhfeidhm ón 3ú Deireadh Fómhair, 2003 agus leanfar díobh i rith 2004.

Leanfaidh oibreacha bóthair mar thoradh ar fhorbairt Líne A agus Líne B de Luas go dtí 2004. Chun bainistiú a dhéanamh ar an ngréasán busanna agus lena chinntiú go mbeidh ar chumas na seirbhísí oibriú chomh gar don ghnáthchleachtas agus is féidir timpeall ar oibreacha LUAS, tá caiteachas breise ar Bhus Átha Cliath ó thaobh tiománaithe, cigirí agus busanna breise. Tá an costas seo, a bhí níos mó ná €600,000 in 2003, á sheasamh ag Bus Átha Cliath.

In ainneoin na ndúshlán sin, lean Bus Átha Cliath ag ardú ioncaim agus lean líon na bpaisinéirí ag méadú i rith 2003. Leanfaidh Bus Átha Cliath ag tógail ar na gnóthachain sin agus freastal ar riachtanais na gcustaiméirí trí sheirbhísí a fheabhsú, ticéid réamhíoctha a fhorbairt agus luach don airgead a chinntiú.

## Torthaí agus Cúlchistí

Ta na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig, 2003 leagtha amach go mion ar leathanaigh 7 go dtí 20. Taispeánann na torthaí do 2003 barrachas de €7,394,000 (2002 - €3,414,000).

## Rannpháirtíocht na bhfostaithe

Tá clár feasachta ar chomhionannas, eitneacht agus inrochtaine déanta ag na fostaithe ar fad. Chomh maith leis sin, leanadh d'oiliúint chúram custaiméirí i rith na bliana. Ag deireadh 2003, cheadaigh an chuideachta tionscnamh nua oiliúna ar a dtugtar Feasacht Custaiméirí ar Ardchaighdeán (QCA). Seoladh an scéim oiliúna seo go luath in 2004 agus faoi 2005 beidh an clár déanta ag gach duine den fhoireann.

Tá os cionn leath na dtiománaithe creidiúnaithe le deimhniúchán ón Institiúid Ard-Tiomána tar éis oiliúint speisialta a thabhairt chun críche i rith na bliana.

Chríochnaigh clár forbartha dhá bhliain don fhoireann chléireachais le teastais ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann a bhronnadh ar os cionn 30 den fhoireann. Leanadh den chlár d'fhorbairt bhainstíochta le seisear bainisteoirí ag críochnú staidéar MBA agus tuilleadh acu i mbun cúrsaí sa IMI.

Leanadh d'ionduchtú agus oiliúint leanúnach i rith 2003 agus tá lánleibhéil foirne coimeádta. Chruthaigh treoir ionduchtaithe d'fostaithe a bheith ina chúnamh fíorluachmhar don fhoireann reatha agus don fhoireann nua araon.

Leanann na socruithe d'ionadaíocht fhostaithe agus sásraí chun díospóidí a réiteach ag tabhairt torthaí dearfacha. Chomh maith leis sin, thug síneadh scéimeanna ar nós gradaim MERIT deis níos fearr do rannpháirtíocht fostaithe sa ghnó.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Leanann an Clár Comhionannais agus Éagsúlachta ag cur sárchleachtais chun cinn agus áirítear ann an Plean Gníomhaíochta do 2003-2006.

Clúdaíonn an plean gníomhartha a bheidh le glacadh i raon réimsí lena n-áirítear earcú agus roghnú, cothromas sa saol oibre, éagsúlacht chultúrtha, míchumas agus oiliúint.

Mar chomhalta den Ghréasán um Chothromas sa Saol Oibre, a ndéanann an AE maoiniú air, táimid ag iniúchadh ceisteanna maidir le cothromas sa saol oibre do dhaoine i ngráid agus suímh oibre difriúla.

Áirítear sa Chlár Comhionannais agus Éagsúlachta tionscnaimh i ndáil le custaiméirí chomh maith leis an bhfoireann, agus tá sé tiomanta do sheirbhís a chur chun cinn atá inrochtaine agus ábhartha dár gcustaiméirí. Thug custaiméirí aiseolas maith i ndáil le feachtas fógraíochta ar bhusanna a bhí ag ceiliúradh go bhfuil an bonn custaiméirí ar an gceann is mó a bhfuil éagsúlacht cultúrtha agus eitneach in Éirinn ag baint leis.

Tá polasaí ag Bus Átha Cliath ar "Dínit agus Meas" ag an obair, a luann tiomantas na cuideachta áit oibre tacúil a sholáthar a bhíonn saor ó gach cineál bulaíochta, ciaptha agus gnéaschiaptha. Tá sé sin scaipthe chuig an bhfoireann ar fad agus léirítear é i gcláir oiliúna.

Tá faisnéis, seisiúin feasachta agus oiliúint curtha ar bun againn ar gach ceist chomhionannais don fhoireann ar fad.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 agus gach rialachán eile náisiúnta agus AE a chomhlíonadh. Coinnítear an Ráiteas Sábháilteachta a ghlac an chuideachta i mí Feabhra 1991 faoi athbhreithniú agus tugtar cothrom le dáta é ar bhonn leanúnach. Leanann comhairlí sábháilteachta a bunaíodh blainta roimhe seo ag rannpháirtiú fostaithe i ngach gné de bhainistiú sábháilteachta agus rioscaí.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí de na polasaithe agus na nósanna imeachta arna bhfeidhmiú ag an gcuideachta tar éis foilsiú an Chóid Chleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit ar fáil i gcuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Stiúrthóirí

Ceapann cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig, 2003 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| An Dr. J. J. Lynch | Cathaoirleach |
| An Dr. A. R. Westwell (An Ríocht Aontaithe) | Stiúrthóir Bainistíochta (D'éirigh as 31ú Nollaig 2003, athcheaptha an 9ú Feabhra 2004) |
| An tUasal G. Charles | |
| An tUasal T. Coffey | (Athcheaptha an 29ú Aibreán 2003) |
| An tUasal D. Egan | (D'éirigh as 8ú Nollaig 2003, athcheaptha an 9ú Feabhra 2004) |
| A. M. Mannix, Uasal | (Athcheaptha an 29ú Aibreán 2003) |
| An tUasal B. McCamley | |
| An tUasal A. O'Byrne | (Athcheaptha an 1ú Meitheamh 2003) |
| An tUasal P. Webster | (Athcheaptha an 1ú Meitheamh 2003) |

Ní raibh aon leas in aon scaireanna nó bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí nó ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Ní dheachthas in aon chonarthaí nó socruithe i rith na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir i ndáil le gnó an Ghrúpa.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J. J. Lynch** Cathaoirleach
**An Dr. A. R. Westwell** Stiúrthóir Bainistíochta

31ú Márta, 2004.

# Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thabharfaidh léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus barrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus go gcomhlíonann siad ceanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2001 de chuid na hÉireann. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Bus Átha Cliath - Dublin Bus

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais ag leathanaigh 7 go dtí 20.

## Freagrachtaí faoi Seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí na hÉireann lena mbaineann agus na Caighdeáin Chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 5 i ráiteas de fhreagrachtaí na stiúrthóirí.

Is é ár bhfreagracht ná inúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúla agus rialaitheacha agus de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta is infheidhme in Éirinn. Tá an tuarascáil seo, lena n-airítear an tuairim, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsan amháin, mar chomhlacht de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cibé an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2001. Luaimid cibé an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid duit freisin ár dtuairim maidir le:

- cibé an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- cibé an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin duitse, más rud é, inár tuairim, nach nochtaítear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrthóirí agus idirbheartaíochtaí.

## Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gcaighdeán iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthosca na cuideachta, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtaítear go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31ú Nollaig, 2003 agus ar a bharrachas agus sreabhadh airgid don bhliain dar críoch amhlaidh agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2001.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 2 go dtí 4 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 9, níos mó ná leath méid a scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh aon staid airgeadais ann ag an 31ú Nollaig, 2003, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, a d'éileodh go dtionólfaí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.
31ú Márta 2004.

(a) Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní bhaineann breithniú ar na nithe sin leis an obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar dtús ar an láithreán gréasáin iad.

(b) D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2001. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

## (B) SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag na costais stairiúla lúide dímheas carnaithe bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas an bunús chun dímheas a ríomh:

### (i) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar feithiclí paisinéirí bóthair a dhímheas ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhlít scaipthe trína bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh ar bhonn céatadáin ag laghdú a léiríonn úsáid na feithicle trína bhfad saoil.

### (ii) Gléasra agus innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

## (C) SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

### (i) Léasanna airgeadais

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a  a chuntasú de réir SSAP 21(Cuntasú do Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Cuirtear costas caipitil shócmhainní den sórt sin san áireamh i sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa is giorra nó saol úsáideach ionchasach na sócmhainne. Tá mír chaipitil na n-oibligeáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh in creidiúnaithe. Cuirtear muirir airgeadais chun dochar don chuntas brabúis agus caillteanais i rith tréimhse príomha an léasa.

### (ii) Léasanna Oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

## (D) STOIC

Déantar stoic ábhar agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe. Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus ullmhaítear do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

## (E) DEONTAIS

### (i) Deontais Aontais Eorpaigh agus deontais ón Státchiste

Déantar deontais Aontais Eorpaigh (AE) agus deontais ón Státchiste a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna de réir mar a dhéantar sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte agus scaoiltear iad chuig an gcuntas caiteachais iomchuí sa bhliain dá mbaineann an caiteachas.

### (ii) Deontais Stát

Déileáiltear le deontais stáit a fuarthas i rith na bliana i ndáil le hoibleagáidí seirbhíse poiblí sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## (F) AIRGEADRA COIGRÍCHE

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais malartaithe réadaithe a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

## (G) PINSIN

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é i rith tréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ón achtúire neamhspleách, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasacha seirbhíse atá fanta chomhaltaí na scéime.

Foráiltear do chostas caipitil na sochar pinsin fhorlíontaigh agus cuirtear chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| **Bliain dar críoch an 31ú Nollaig** | Nótaí | **2003** €000 | 2002 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **172,937** | 159,288 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 2 | **(147,430)** | (139,243) |
| Ábhair agus seirbhísí | 3 | **(59,664)** | (60,294) |
| Dímheas | 4 | **(14,151)** | (14,804) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(221,245)** | (214,341) |
